



An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13701/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0276 (NLE)

SAN 690
DIGIT 244
EDUC 392

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 481 final
Ábhar:	Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le seiceálacha sláinte cardashoithíche: cur chuige Eorpach maidir le luathbhrath agus scagthástáil

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 481 final.

Faoi iamh: COM(2026) 481 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2026
COM(2026) 481 final

2026/0276 (NLE)

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le seiceálacha sláinte cardashoithíche: cur chuige Eorpach maidir le luathbhrath
agus scagthástáil**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá galair chardashoithíocha ar an gcúis is mó le bás agus míchumas san Aontas. De réir na tuarascála ó ECFE maidir le Staid na Sláinte Cardashoithíche san Aontas¹, faigheann 1.7 milliún duine bás gach bliain de bharr galair chardashoithíocha agus bíonn tionchar acu ar 62 mhilliún duine, agus bíonn ualach eacnamaíoch níos mó ná EUR 282 bhilliún in aghaidh na bliana i gceist leo, is é sin thart ar 2 % de OTI in aghaidh na bliana. Is costais cúraim sláinte is cúis le beagnach leath de sin. Tá neamhionannais ann idir tíortha, réigiúin agus grúpaí daonra, agus tá rioscaí níos airde agus torthaí sláinte níos measa ag bagairt ar mhná agus ar dhaoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. D'fhéadfadh bacainní struchtúracha agus idirdhealú cur leis na neamhionannais sin, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do rochtain ar sheirbhísí coisctheacha, ar dhiagnóisiú luath, ar chóireáil agus ar leanúnachas cúraim.

An 16 Nollaig 2025, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le plean sláinte cardashoithíoch de chuid an Aontais – an Plean ‘Croí Slán’². Leagtar síos mar chuspóir sa Phlean sin an mhortlaíocht anabái chardashoithíoch a laghdú 25 % faoi 2035. Chun tacú leis an sprioc sin, fógraíodh sa Phlean freisin tionscnamh suaitheanta maidir le luathbhrath agus scagthástáil le haghaidh galair chardashoithíocha.

Tá iarrtha ag an gComhairle feabhas a chur ar shláinte chardashoithíoch san Aontas³ agus tá iarrtha aici ar na Ballstáit cosc tánaisteach a mhéadú trí sheiceálacha sláinte cardashoithíche fianaisebhunaithe. Ina theannta sin, chuir Parlaimint na hEorpa i dtábhacht ina tuarascáil ar straitéis an Aontais maidir le galair chardashoithíocha⁴, nach mór treoraíocht an Aontais maidir le seiceálacha sláinte a bheith bunaithe ar fhianaise, inniúlacht na mBallstát a urramú, neamhionannais a laghdú agus cleachtais ar luach íseal a sheachaint.

Tá luathbhrath agus scagthástáil le haghaidh galair chardashoithíocha trí sheiceálacha sláinte rithábhachtach don chosc, ós rud é go bhfuil os cionn 75 % de bhásanna cardashoithíocha nasctha le tosca riosca inmhodhnaithe amhail brú fola ard, an diaibéiteas agus murtall⁵. Maidir le sonraí Shuirbhé Eorpach 2019 um Agallaimh Shláinte⁶, thuairiscigh 34 % de dhaoine fásta idir 25 agus 64 bliana d’aois nach ndearnadh a mbrú fola a thomhas le bliain anuas, i gcomparáid le 32 % de dhaoine fásta idir 45 agus 54 bliana d’aois agus 14 % díobh siúd atá 65 bliana d’aois nó níos sine.

Is féidir le seiceálacha sláinte cardashoithíche cuidiú le galair struchtúracha agus neamhchoitianta croí a bhrath, agus léirítear i staidéir go laghdaíonn idirghabháil thráthúil an

¹ ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le plean Aontais um an tsláinte chardashoithíoch: an Plean ‘Croí Slán’, COM(2025) 1024 final, 16.12.2025. Le fáil ag: [EUR-Lex](#).

³ [Conclúidí maidir leis an tsláinte chardashoithíoch a fheabhsú san Aontas Eorpach, Ardrúnaíocht na Comhairle, an 14 Samhain 2024](#). Le fáil ag: [Consilium](#).

⁴ Parlaimint na hEorpa, *Tuarascáil ar straitéis an Aontais maidir le galair chardashoithíocha*, 2026. Le fáil ag: [Parlaimint na hEorpa](#).

⁵ ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

⁶ Eurostat (cód sonraí ar líne [hlth_chis_pa2u](#)).

dóchúlacht go dtarlóidh taomanna croí agus stróc i gcásanna den sórt sin⁷. Mar sin féin, an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ag baint le scagadh le haghaidh tosca riosca, tá sí gannmheasta den chuid is mó ar fud an Aontais.

Faoi láthair, tá seiceálacha sláinte cardashoithíche atá éagsúil ó thaobh a gcur chuige de i bhfeidhm ag níos lú ná leath de na Ballstáit⁸. Ina theannta sin, tá sonraí sláinte ilroinnte agus níl siad idir-inoibritheach go leor ar leibhéal an Aontais, rud a chuireann teorainn leis an gcumas faireachán a dhéanamh ar thosca riosca cardashoithíocha agus ar sheiceálacha sláinte agus, dá bhrí sin, leis an gcumas tacú le taighde ar straitéisí coisctheacha agus cóireála.

Ós rud é gur féidir ról a bheith ag an vacsaíniú maidir le galair chardashoithíocha agus na rioscaí agus na haimhréidheanna a bhaineann leo a chosc⁹, is féidir vacsaíní ábhartha a mheas mar chuid de sheiceálacha sláinte cardashoithíche.

Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais chun tacú leis na Ballstáit seiceálacha sláinte cardashoithíche fianaisebhunaithe, spriocdhírthe agus comhleanúnacha a dhearadh agus a chur chun feidhme. Cuirfidh gníomhaíocht den sórt sin le laghdú ar neamhionannais sláinte idir na Ballstáit agus laistigh díobh, agus idir grúpaí daonra, lena n-áirítear difríochtaí inscne.

Cuspóirí an togra

Tá sé d'aidhm ag an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle **tacú leis na Ballstáit seiceálacha sláinte cardashoithíche a fhorbairt agus a chur chun feidhme**. Soláthraítear moltaí ann maidir lena n-ullmhú, a gcur chun feidhme agus a meastóireacht.

Leis an Moladh ón gComhairle atá beartaithe, tacófar leis na Ballstáit an Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe sprioc 3.4, chun básanna anabái ó ghalair neamhtheagmhálacha a laghdú aon trian agus chun an mheabhairshláinte agus an fholláine a chur chun cinn faoi 2030, agus chun an tsláinte phoiblí a fheabhsú trí uirlis a sholáthar chun daoine a bhfuil riosca níos airde ag baint leo a shainaithint, chun gníomhú go tráthuile agus chun an t-ualach ar chórais sláinte a laghdú.

Tacóidh sé leis na Ballstáit cuspóir agus spriocanna sonracha an Phlean 'Croí Slán' a bhaint amach¹⁰ chun céatadán na ndaoine fásta a ndéantar faireachán tráthrialta ar a mbrú fola, ar a gcolaistearól agus ar a leibhéil siúcra a mhéadú. Tá sé d'aidhm ag an togra freisin tacú le húsáid réiteach digiteach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, uirlisí atá bunaithe ar an intleacht shaorga (IS), chun feabhas a chur ar chur chun feidhme seiceálacha sláinte, chomh maith le húsáid thánaisteach sonraí sláinte a ghíaráil chun dearadh, faireachán agus meastóireacht fhianaisebhunaithe ar straitéisí scagthástála a neartú.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach le tionscnaimh eile i réimse chosc agus bhainistiú na ngalar neamhtheagmhálach. Comhlánaíonn sé agus cuireann sé le tionscnamh an Aontais maidir le

⁷ ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

⁸ ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

⁹ Doiciméad comhdhearcaidh chliniciúil le déanaí ó Chumann Eorpach Cairdeolaíochta, Heidecker, B. et al., 'Vaccination as a new form of cardiovascular prevention: a European Society of Cardiology clinical consensus statement', *European Heart Journal*, Iml. 46, Eagrán 36, 2025, lgh. 3518–3531, <https://doi.org/10.1093/eurheartj/ehaf384>.

¹⁰ An mhortlaíocht anabái chardashoithíoch a laghdú 25 % faoi 2035.

galair neamhtheagmhálacha ‘Healthier Together’¹¹, an creat straitéiseach chun tacú leis na Ballstáit galair neamhtheagmhálacha a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear galair chardashoithíochas agus an diaibéiteas. Tá nasc aige freisin le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa¹² agus lena chuspóirí a bhaineann le scagthástáil ailse, go háirithe trí chlár scagthástála eagraithe a threisiú agus trí luathbhrath a fheabhsú. Ina theannta sin, cuireann sé leis an Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte lena gcuirtear meabhairshláinte¹³ chun cinn ar fud an chur chuige beartais uile.

Tá dlúthnaisc ag an togra leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS)¹⁴, rud a chuirfidh ar a gcumas d’othar a gcuid sonraí sláinte a rochtain agus a chomhroinnt go slán i bhformáid leictreonach idir-inoibritheach idir soláthraithe cúraim sláinte agus thar theorainneacha an Aontais, rud a thacóidh leis an leanúnachas cúraim. Éascóidh EHDS freisin úsáid thánaisteach sonraí sláinte le haghaidh taighde, nuálaíochta agus ceapadh beartas, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: a) creat comhchoiteann de chuid an Aontais a bhunú chun rochtain shlán a fháil ar shonraí agus chun iad a athúsáid ar bhealach slán, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an mbonn fianaise maidir le tuar riosca cardashoithíoch a neartú; b) éifeachtacht na gclár scagthástála a fheabhsú; agus c) tacú le forbairt uirlisí nuálacha le haghaidh coisc agus luathbhraite.

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an tionscnamh comhsheasmhach leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa réimse taighde sin agus le clár réime Fís Eorpach¹⁵ um thaighde agus um nuálaíocht, ar cuid mhór é d’infheistíocht an Aontais i gcosc agus i mbainistiú galar cardashoithíoch agus galar neamhtheagmhálach eile.

Tá sé comhsheasmhach freisin leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga¹⁶ agus le hiarrachtaí níos leithne an Aontais tacú le glacadh na hintleachta saorga i gcúram sláinte, go háirithe chun srathú riosca a fheabhsú agus chun tacú le cuir chuige scagthástála níos spriocdhírithé agus níos éifeachtaí, i gcás ina ndéantar na huirlisí sin a bhailíochtú go cliniúil agus a úsáid faoi fhormhaoirseacht dhaonna iomchuí.

Thairis sin, tá an togra comhsheasmhach leis an reachtaíocht maidir le táirgí íocshláinte¹⁷ agus feistí leighis¹⁸, leis an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla atá beartaithe¹⁹ agus leis an

¹¹ An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, *Healthier Together – Tionscnamh an Aontais maidir le Galair Neamhtheagmhálacha*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021. [Treoir dhoiciméad](#).

¹² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – *Plean Sáraithe Ailse na hEorpa*, COM(2021) 44 final, 3.2.2021. Le fáil ag: [EUR-Lex](#).

¹³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le *cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte*, COM(2023) 298 final, 7.6.2023. Le fáil ag: [EUR-Lex](#).

¹⁴ Rialachán (AE) 2025/327 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2025 maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE agus Rialachán (AE) 2024/2847, IO L 2025/327, 5.3.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/327/oj>.

¹⁵ Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013, IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj>.

¹⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, *Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga*, COM/2025/723 final, 8.10.2025. Le fáil ag: [EUR-Lex](#).

¹⁷ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 agus Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 agus lena n-aisghairtear

togra le haghaidh Gníomh Eorpach um an mBith-theicneolaíocht²⁰, ós rud é go bhfuil na gníomhartha reachtacha sin nasctha le galair chardashoithíocha a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil ar bhealach pearsantaithe. Tá an togra ag teacht freisin leis an Straitéis um Eolaíochtaí Beatha²¹.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• An bunús dlí

Tacóidh an togra le haidhmeanna an Aontais a leagtar amach in Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). De bhun Airteagal 168(1), ní mór ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú i sainiú agus cur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais. Déanfar gníomhaíocht an Aontais, de chomhlánú ar na beartais náisiúnta, a dhíriú ar fheabhsú na sláinte poiblí, ar chosc tinneas agus galar colainne agus meabhrach, agus ar sheachaint foinsí contúirte don tsláinte idir shláinte coirp agus mheabhairshláinte, lena n-áirítear galair chardashoithíocha.

An Moladh ón gComhairle atá beartaithe, tá sé bunaithe ar Airteagal 168(6) CFAE lena bhforáiltear go bhféadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, moltaí a ghlacadh chun na gcríoch a leagtar amach san Airteagal sin. Díritear sa togra ar ghalair chardashoithíocha a bhrath agus a scagadh go luath agus tá sé d'aidhm aige iarrachtaí na mBallstát a chomhlánú maidir le hualach na ngalar cardashoithíoch a laghdú, arb iad an phríomhchúis le bás agus míchumas san Aontas iad.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Cé go bhfuil na Ballstáit freagrach as a mbeartas sláinte a shainiú agus as seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar, tá an inniúlacht ag an Aontas tacú lena ngníomhaíochtaí agus iad a chomhlánú.

Bíonn tionchar ag galair chardashoithíocha ar na Ballstáit uile fiú má bhíonn an t-ualach éagsúil ó thír go tír. Ós rud é go bhfuil na dúshlán chéanna roimh na Ballstáit, is féidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais fíor-bhreislúach a sholáthar trí réitigh chomhroinnte a shainathint agus trí eolas agus faisnéis a aistriú. Tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais maidir le seiceálacha sláinte chun tacú leis na Ballstáit seiceálacha sláinte cardashoithíche spriocdhírthe a eagrú. Cuideoidh sé sin le héagothromaíochtaí sláinte idir na

18 Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006, COM(2023) 193 final, 26.4.2023. Le fáil ag: [EUR-Lex](#).

19 An Coimisiún Eorpach, 'Earnáil na bhfeistí leighis', an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, arna rochtain an 10 Iúil 2026, [Earnáil na bhfeistí leighis](#).

20 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos creat chun infhaighteacht agus slándáil soláthair táirgí íocshláinte criticiúla a neartú mar aon le hinfaighteacht agus inrochtaineacht táirgí íocshláinte leasa choitinn, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/795 Le fáil ag: [EUR-Lex](#).

21 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun earnálacha bith-theicneolaíochta agus bithmhónaraíochta an Aontais a neartú go háirithe i réimse na sláinte agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 1394/2007, (AE) Uimh. 536/2014, (AE) 2019/6, (AE) 2024/795 agus (AE) 2024/1938 (an Gníomh Eorpach um an mBith-theicneolaíocht), [COM\(2025\) 1022 final, 16.12.2025](#).

21 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Straitéis um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa: Straitéis chun an tAontas a bheith ar an áit is tarraingtí ar domhan ó thaobh eolaíochtaí beatha de faoi 2030*, [COM\(2025\) 525 final, 2.7.2025](#).

Ballstáit agus laistigh díobh a laghdú, agus é d'aidhm aige sin na príomhthosca riosca a laghdú sa ghearrthéarma agus ualach an ghalair chardashoithíoch a laghdú san fhadtéarma.

Leis an Moladh ón gComhairle atá beartaithe, soláthraítear moltaí do na Ballstáit chun feabhas a chur ar luathbhrath agus luathdhiagnóisiú galar cardashoithíoch, agus foráil á déanamh maidir le hoiriúnú do riachtanais náisiúnta agus comhthéacs náisiúnta an tráth céanna. Cuideoidh dul chun cinn sa réimse sin le hualach aonair, sochaíoch agus eacnamaíoch na ngalar sin a laghdú agus le haghaidh a thabhairt ar neamhionannais maidir le rochtain ar chúram cardashoithíoch coisctheach.

- **Comhréireacht**

Tacaíonn an togra le hiarrachtaí na mBallstát galair chardashoithíocha a chosc. Urramaíonn sé cleachtais na mBallstát agus éagsúlacht na gcóras náisiúnta. Aithnítear leis go bhféadfadh difríochtaí sa dóigh a gcuirfean an Moladh i bhfeidhm a bheith ina dtoradh ar staideanna éagsúla náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla. Ní fhorchuirtear aon ghealltanais ceangailteach ar na Ballstáit leis an togra. Tá sé de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit a chinneadh, ag féachaint dá n-imthosca náisiúnta, a mhéid a chuireann siad an Moladh ón gComhairle chun feidhme.

- **An rogha ionstraime**

Is togra le haghaidh Moladh ón gComhairle é an ionstraim, lena gcloítear le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Cuireann sé le beartais an Aontais atá ann cheana agus tá sé i gcomhréir leis na cineálacha ionstraimí atá ar fáil do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse an bheartais sláinte. Leis an ionstraim atá beartaithe, tacaítear leis na Ballstáit ualach na ngalar cardashoithíoch a laghdú, agus lánurraim á tabhairt dá bhfreagrachtaí maidir lena mbeartas sláinte a shainiú agus maidir le seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tugadh an deis do pháirtithe leasmhara aiseolas a sholáthar bunaithe ar ghlaio ar fhianaise. Thairis sin, cuimsíodh i gcomhairliúcháin spriocdhírthe seimineáir ghréasáin le páirtithe leasmhara agus cruinnithe le hionadaithe na mBallstát i bhfoghrúpa an tSainghrúpa um Shláinte Phoiblí maidir le galair neamhtheagmhálacha a chosc²² (11 Feabhra agus 22 Bealtaine 2026).

An 26 Feabhra 2026, eagraíodh idirphlé beartais maidir le seiceálacha sláinte i gcomhar le ECFE chun tuairimí agus dea-chleachtais maidir le beartais náisiúnta seiceála sláinte a mhalartú leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear eagraíochtaí othar.

²² An Coimisiún Eorpach, 'Foghrúpa maidir le galair neamhtheagmhálacha', an Sainghrúpa um Shláinte Phoiblí, an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, arna rochtain an 10 Iúil 2026.

Le linn Sheachtain Eorpach na hÓige 2026²³, imeacht maidir le ‘Young hearts, healthy futures’: engaging youth in shaping Europe’s cardiovascular health priorities’, a tionóladh sa Bhruiséil an 24 Aibreán chun tuairimí daoine óga a bhailiú maidir leis an tsláinte chardashoithíoch, lena n-áirítear seiceálacha sláinte agus scagthástail.

Fuarthas 237 aighneacht maidir leis an nglao ar fhianaise a foilsíodh ar an tairseach ‘Cloisimis Uait’²⁴ ón 21 Aibreán go dtí an 19 Bealtaine 2026²⁵. Tháinig an sciar is mó d’aighneachtaí ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (32 %), agus ina dhiaidh sin ó eagraíochtaí acadúla agus taighde (16 %), ó chuideachtaí (10 %), ó chomhlachais ghnó (6 %) agus ó údarais phoiblí (5 %). Leag na páirtithe leasmhara béim ar an ngá atá le seiceálacha sláinte struchtúrtha bunaithe ar phrótacal mar bhunchloch don chosc, agus iad nasctha go córasach le cúram leantach. Tháinig comhdhearcadh leathan chun cinn i bhfabhar cur chuige aoisbhunaithe, saolré i leith seiceálacha sláinte cardashoithíche lena gceadaítear solúbthacht leordhóthanach do na Ballstáit maidir lena gcur chun feidhme. Mar thacar íosta croípharaiméadar, sainathnódh brú fola, próifíl lipide, glúcós/HbA1c, feidhm duáin, innéacs corpmhaise, faisnéis maidir le stíl mhaireachta, agus stair teaghlaigh. Ba é cúram príomhúil an príomhshuímh seachadta a sainathnódh, arna chomhlánú, i gcás inarb iomchuí, le suíomhanna pobalbhunaithe amhail cógaslanna, ionaid oibre agus aonaid shoghluaiste chun for-rochtain a leathnú. Téama mór ba ea rochtain chomhionann ar sheiceálacha sláinte cardashoithíche a áirithiú, go háirithe le haghaidh grúpaí leochaileacha amhail imircigh, daoine i gceantair thuaithe nó i gceantair nach ndéantar freastal ceart orthu agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Dúirt freagróirí arís agus arís eile gur cheart scagadh a leabú laistigh de chonairí cúraim comhtháite, chun rochtain chomhionann agus cúram leantach éifeachtach a áirithiú.

Rinneadh anailís ar thuairimí agus ar mholtaí na bpáirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh a oiread agus is féidir iad. Cuirfear cuid de na saincheisteanna níos teicniúla a ardaíodh san áireamh le linn chéim an chur chun feidhme.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an fhianaise agus na moltaí a bailíodh trí obair na mBallstát sa Ghníomhaíocht Chomhpháirteach JACARDI mar bhonn taca leis an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le seiceálacha ar shláinte chardashoithíoch, lena n-áirítear pacáiste oibre atá tiomnaithe go sonrach do luathbhrath agus luathscagadh. Faoin nGníomhaíocht Chomhpháirteach seo, d’fhoilsigh na tíortha rannpháirteacha Treoir Ghearr²⁶ maidir le Scagadh do Dhaoine Aonair i mBaol Méadaithe go dtiocfaidh Galair Chardashoithíocha agus an diaibéiteas de chineál 2 orthu, treoir ina soláthraítear moltaí fianaisebhunaithe chun seiceálacha sláinte cardashoithíche a eagrú agus a chur chun feidhme, agus ina ndírítear ar phobail agus ar dhaoine aonair ardriosca.

²³ An Coimisiún Eorpach, ‘Seachtain Eorpach na hÓige’, Tairseach Eorpach na hÓige, arna rochtain an 10 Iúil 2026, [Seachtain Eorpach na hÓige](#).

²⁴ An Coimisiún Eorpach, ‘Galair chardashoithíocha – seiceálacha sláinte’, An Tairseach ‘Cloisimis Uait – Rialáil Níos Fearr’, arna rochtain an 10 Iúil 2026, https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/17812-Cardiovascular-diseases-health-checks_ga.

²⁵ Is aighneachtaí uathúla iad sin, gan feachtais chomhordaithe a chur san áireamh.

²⁶ Leysen, W., Cardinale, A., Alexandra, C., Lampaert, A., Formenti, B., Armocida, B., et al., *Short Guide for Screening Individuals at Increased Risk of Developing Cardiovascular Diseases and Type 2 Diabetes*, Leagan 1.0.0, Zenodo, 2026, <https://doi.org/10.5281/zenodo.18415472>.

Thairis sin, tugadh aird ar an bhfianaise a thiomsaigh EDS maidir le héifeachtacht na gclár scagthástála córasach ar leibhéal an daonra chun ualach na ngalar cardashoithíoch a laghdú²⁷, agus ar phacáiste teicniúil HEARTS ó EDS le haghaidh bainistiú riosca-bhunaithe galar cardashoithíoch i gcúram sláinte príomhúil²⁸.

D'fhoilsigh ECFE, trí thionscadal arna chistiú ag an Aontas, tuarascáil maidir le Staid na Sláinte Cardashoithíche san Aontas²⁹ ina dtugtar measúnú cuimsitheach ar shláinte chardashoithíoch ar fud an Aontais chun bonn eolais a chur faoi iarrachtaí beartais an Aontais agus faoi iarrachtaí beartais náisiúnta. Sa tuarascáil, cuirtear seiceálacha sláinte agus tionscnaimh choisc spriocdhírithe i dtábhacht mar chineálacha cur chuige éifeachtacha agus costéifeachtacha chun tosca riosca cardashoithíocha a shainaithint agus a bhainistiú, go háirithe i measc daonraí faoi mhíbhuntáiste. Sainaithnítear ann freisin neamhionannais leanúnacha i dtorthaí cardashoithíocha, rud a léiríonn a thábhachtaí atá sé cosc agus cúram cothrom inrochtana a áirithiú do chách. Ina theannta sin, leagtar amach in achoimre bheartais ECFE³⁰ an fhianaise atá ar fáil chun seiceálacha sláinte cardashoithíche a dhearadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach.

Ar deireadh, bhí na moltaí maidir le seiceálacha sláinte cardaiméitibileacha ar fud an Aontais a d'fhorbair an Cumann Eorpach Cairdeolaíochta³¹ mar bhonn don togra.

- **Measúnú tionchair**

Ní ga measúnú tionchair a dhéanamh. Leis an ionstraim atá beartaithe, ní thugtar moltaí do na Ballstáit ach amháin maidir le conas feabhas a chur ar luathbhrath agus luathscagadh galar cardashoithíoch trí sheiceálacha sláinte cardashoithíche.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Leis an moladh beartaithe seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, urramaítear leis an Moladh atá beartaithe na cearta rochtana ar chúram sláinte coisctheach agus an ceart

²⁷ Jørgensen, T., Rotar, O., Juhl, C. B. agus Linneberg, A., *What is the effectiveness of systematic population-level screening programmes for reducing the burden of cardiovascular diseases?* an dara heagrán, Tuarascáil Sintéise Líonra Fianaise Sláinte EDS Uimh. 78, Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip, Cóbanhávan, 2024, ISBN 978-92-890-6088-2, <https://www.who.int/europe/publications/i/item/978-92-890-6088-2>.

²⁸ An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, *HEARTS: technical package for cardiovascular disease management in primary health care – Risk based CVD management*, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, an Ghinéiv, 2020, ISBN 978-92-4-000136-7, <https://www.who.int/publications/i/item/9789240001367>.

²⁹ ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

³⁰ ECFE (2026), *'Strengthening health checks for the prevention and management of cardiovascular diseases'*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/95c9ccdb-en>. Cuimsítear inti príomhghnéithe an phlé a rinneadh le linn an idirphlé beartais, chomh maith le haiseolas i scríbhinn ó na Ballstáit, ón gCumann Eorpach Cairdeolaíochta, ón nGníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le galair chardashoithíocha agus an diaibéiteas (JACARDI), agus ón Mol Croí Dhomhanda, arb é comhghuaillíocht na n-eagraíochtaí othar croí é.

³¹ An Cumann Eorpach Cairdeolaíochta, *'Recommendations for EU-wide cardiometabolic health checks'*, Seomra Nuachta ESC, an 15 Eanáir 2026, arna rochtain an 10 Iúil 2026, <https://www.escardio.org/news/news-room/recommendations-for-eu-wide-cardiometabolic-health-checks/>.

tairbhiú de chóireáil leighis faoi na coinníollacha a bhunaítear le dlíthe agus cleachtais náisiúnta (Airteagal 35 den Chairt). Urramaítear leis freisin prionsabal an neamh-idirdhealaithe (Airteagal 21 den Chairt).

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann aon impleacht buiséadach do bhuiséad an Aontais leis an togra seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Le creat faireacháin, rianófar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an Phlean ‘Croí Slán’.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Neamhbhainteach.

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le seiceálacha sláinte cardashoithíche: cur chuige Eorpach maidir le luathbhrath agus scagthástáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 168(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ceanglaítear go n-áiríthítear ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine agus beartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme. Bunaítear leis ról an Aontais maidir le beartais náisiúnta a chomhlánú, comhar idir na Ballstáit a spreagadh, agus comhordú tionscnamh a bhaineann leis an tsláinte a chur chun cinn, agus freagrachtaí náisiúnta maidir le heagrú agus seachadadh seirbhísí sláinte á n-urramú a tráth céanna.
- (2) Tá galair chardashoithíocha ar an gcúis is mó le bás agus míchumas san Aontas¹. Faigheann 1.7 milliún duine bás gach bliain agus déanann siad difear do thart ar 62 mhilliún duine, agus baineann costais eacnamaíocha os cionn EUR 282 bhilliún in aghaidh na bliana leo².
- (3) I gConclúidí 2024 ón gComhairle maidir leis an tsláinte chardashoithíoch³, iarradh ar na Ballstáit cosc tánaisteach a mhéadú trí sheiceálacha fianaisebhunaithe ar shláinte chardashoithíoch.
- (4) An 16 Nollaig 2025, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le plan sláinte cardashoithíoch de chuid an Aontais: an Plean ‘Croí Slán’⁴, a bhfuil sé d’aidhm aige tacú leis na Ballstáit ualach na ngalar cardashoithíoch a laghdú.
- (5) Tacaíonn seiceálacha sláinte cardashoithíche le tosca riosca cardashoithíocha a bhrath go luath, amhail brú fola ard, colaistéaról, an diaibéiteas agus murtall, ar féidir leo, in éineacht le cúram leantach iomchuí atá dírithe ar an othar, lena n-áirítear diagnóisíú agus cóireáil, teagmhais chardashoithíocha a laghdú, amhail taomanna croí agus stróc.

¹ ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

² ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

³ [Conclúidí maidir leis an tsláinte chardashoithíoch a fheabhsú san Aontas Eorpach, Ardrúnaíocht na Comhairle, an 14 Samhain 2024](#). Le fáil ag: [Consilium](#).

⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le plan Aontais um an tsláinte chardashoithíoch: an Plean ‘Croí Slán’, COM(2025) 1024 final, 16.12.2025. Le fáil ag: [EUR-Lex](#).

- (6) Tá sé d'aidhm ag an Moladh seo tacú leis na Ballstáit ina ndul chun cinn i dtreo sprioc 3.4 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, básmháireacht anabái ó ghalair neamhtheagmhálacha a laghdú aon trian agus meabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn faoi 2030, agus cuspóir an Phlean 'Croí Slán' a bhaint amach chun básmháireacht anabái chardashoithíoch a laghdú 25 %, faoi 2035, agus na spriocanna sonracha maidir le brú fola, colaistéaról agus tomhais ghlúcóis i ndaoine idir 25 agus 34 bliana d'aois, 35 go 64 bliana d'aois agus iad siúd atá 65 bliana d'aois nó níos sine a laghdú.
- (7) Tá sé d'aidhm aige tacú leis na Ballstáit seiceálacha sláinte cardashoithíche a chur ar bun chun feabhas a chur ar luathbhrath agus ar dhiagnóisiú galar cardashoithíoch trí thosca riosca a bhrath agus a bhainistiú go tráthúil, agus oiriúnú do riachtanais agus do chomhthéacs náisiúnta agus réigiúnach á cheadú an tráth céanna, agus éagsúlacht na gcóras cúraim sláinte á hurramú, lena n-áirítear maoiniú na gcóras sin.
- (8) Tá seiceálacha sláinte cardashoithíche ar fáil i níos lú ná leath de na Ballstáit agus tá éagsúlacht mhór eatarthu maidir lena gcur chuige⁵, a mhéid a thairgeann cuid acu clár náisiúnta thiomnaithe, ach go gcomhtháthaíonn cuid eile measúnú riosca cardashoithíoch ar feadh an tsaoil trí chúram príomhúil agus seirbhísí pobalbhunaithe.
- (9) Tá neamhionannais sláinte chardashoithíoch fós ann idir na Ballstáit agus laistigh díobh⁶, agus trí fheabhas a chur ar rochtain ar sheiceálacha sláinte cardashoithíche, is féidir rannchuidiú le neamhionannais a laghdú ar fud chonair an othair.
- (10) Léiríonn an fhianaise éifeachtacht na n-idirghabhálacha ar leibhéal an daonra lena ndírítear ar ghrúpaí daonra a bhfuil riosca níos airde ag baint leo, amhail iad siúd a bhfuil an diaibéiteas de chineál 2 orthu, maidir le galair chardashoithíoch a bhrath go luath⁷. Trí dhíriú ar dhaoine aonair a bhfuil riosca níos airde ag baint leo, is féidir éifeachtacht agus éifeachtúlacht seiceálacha sláinte cardashoithíche a fheabhsú tríd an dóchúlacht go gcoiscfear teagmhais chardashoithíoch a inseachanta a mhéadú⁸.
- (11) I gcomhréir leis an treoraíocht ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS)⁹, ba cheart do na Ballstáit díriú ar na daoine aonair sin a bhféadfadh riosca níos airde a bheith ag baint leo mar gheall ar aois nó toisc riosca mar phointí iontrála le haghaidh measúnú riosca cardashoithíoch.
- (12) Forbraíonn galair chardashoithíoch de réir a chéile ar feadh an tsaoil. De réir mar a mhéadaíonn riosca an duine aonair i leith galar cardashoithíoch le haois, ba cheart seiceálacha sláinte cardashoithíoch a oiriúnú de réir aoise chun a n-éifeachtacht a áirithiú maidir le tosca riosca a bhrath go tráthúil. Molann Tascfhórsa Saineolaithe an

⁵ ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

⁶ ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

⁷ ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

⁸ Leysen, W., Cardinale, A., Alexandra, C., Lampaert, A., Formenti, B., Armocida, B., et al., *Short Guide for Screening Individuals at Increased Risk of Developing Cardiovascular Diseases and Type 2 Diabetes*, Leagan 1.0.0, Zenodo, 2026, <https://doi.org/10.5281/zenodo.18415472>.

⁹ Jørgensen, T., Rotar, O., Juhl, C. B. agus Linneberg, A., *What is the effectiveness of systematic population-level screening programmes for reducing the burden of cardiovascular diseases?* an dara heagrán, Tuarascáil Sintéise Líonra Fianaise Sláinte EDS Uimh. 78, Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip, Cóbanhávan, 2024, ISBN 978-92-890-6088-2, <https://www.who.int/europe/publications/i/item/978-92-890-6088-2>.

Chumainn Eorpaigh Cairdeolaíochta¹⁰ seiceálacha sonracha sláinte cardaiméitibileach chun riosca a bhrath go luath i ndaoine faoi bhun 35 bliana d'aois, i ndaoine idir 35 agus 64 bliana d'aois agus i gcás daoine fásta níos sine (os cionn 65 bliana d'aois). Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar sheiceálacha pearsantaithe sláinte a thairiscint dóibh siúd atá faoi bhun 35 bliana d'aois i gcás tosca riosca atá ann cheana.

- (13) Braitheann cost-éifeachtúlacht na seiceálacha sláinte cardashoithíoch ar roinnt tosca, amhail leitheadúlacht agus minicíocht galar cardashoithíoch agus a bhfachtóirí riosca, comhthéacs an chórais cúraim sláinte agus cur chuige cur chun feidhme le haghaidh seiceálacha sláinte cardashoithíche. Tá fianaise nua ag teacht chun cinn maidir le costéifeachtacht seiceálacha sláinte cardashoithíoch ó threoirthionscadail cur chun feidhme sna Ballstáit¹¹ agus meastacháin samhaltaithe ó ECFE¹². Cé go léirítear sna ¹³¹⁴hanailísí atá ann cheana gur gnách próifílí costéifeachtachta níos fabhraí a bheith ag baint le cineálacha cur chuige spriocdhírthe lena ndírítear ar dhaoine aonair a bhfuil riosca níos airde ag baint leo¹⁵ ná seiceálacha córasacha sláinte ar leibhéal an daonra, tá coinne leis go ndéanfaidh tuilleadh fianaise ó thionscadail cur chun feidhme agus ó chleachtaí samhaltaithe na meastacháin sin a bheachtú.
- (14) Tá cuir chuige seiceála sláinte cardashoithíche faoi réir forbairt eolaíoch leanúnach, agus ba cheart, dá bhrí sin, measúnú leanúnach ar a gcáilíocht, a n-infheidhmeacht agus a gcostéifeachtúlacht a bheith ag gabháil le cur chun feidhme seiceálacha sláinte cardashoithíche, i gcás ina dtacaíonn an fhianaise atá ar fáil leis sin agus i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta nó réigiúnacha. D'fhéadfadh forbairtí eolaíocha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear uirlisí atá cumasaithe go digiteach agus atá bunaithe ar an intleacht shaorga, i gcás ina ndéantar iad a bhailíochtú go cliniúil agus a úsáid faoi fhormhaoirseacht dhaoine iomchuí agus laofacht inscne agus laofacht eile á seachaint, rannchuidiú le cineálacha cur chuige nua a fhorbairt le haghaidh seiceálacha sláinte cardashoithíche.
- (15) Ba cheart tástálacha agus measúnuithe a chur i bhfeidhm go córasach laistigh de spriocphobal sainithe mar chuid de na seiceálacha sláinte cardashoithíche, agus é d'aidhm acu tosca riosca sa spriocphobal a bhrath chun a mbainistiú a éascú, sula dtagann siomptóim chun cinn nó sula mbraitear iad.

¹⁰ An Cumann Eorpach Cairdeolaíochta, 'Recommendations for EU-wide cardiometabolic health checks', Seomra Nuachta ESC, an 15 Eanáir 2026, arna rochtain an 10 Iúil 2026, <https://www.escardio.org/news/news-room/recommendations-for-eu-wide-cardiometabolic-health-checks/>.

¹¹ Gníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Galair Chardashoithíocha agus an Diaibéiteas (JACARDI), Gníomhaíocht Chomhpháirteach EU4Health (Comhaontú Deontais Uimh. 101126953), 1 Samhain 2023-31 Deireadh Fómhair 2027, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HaDEA). Le fáil ag: <https://jacardi.eu/>.

¹² [Clár oibre EU4Health 2025](#): CR/CV & NCD-CA-25-89 Infheistíocht a dhéanamh i gcur chun cinn na sláinte agus i gcosc galar ar feadh na saolré.

¹³ ECFE (2025), *The State of Cardiovascular Health in the European Union*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, <https://doi.org/10.1787/ea7a15f4-en>.

¹⁴ Zanfina Ademi, Sheridan E. Rodda, Karl Vivoda, Susan Hennessy, Olive Fenton agus James S. Ware thar ceann Fhorógra Global Heart Hub, a foilsíodh in *PharmacoEconomics*, imleabhar 43, eagrán 11, leathanaigh 1281–1292 (2025), <https://link.springer.com/article/10.1007/s40273-025-01537-5>.

¹⁵ Jørgensen, T., Rotar, O., Juhl, C. B. agus Linneberg, A., *What is the effectiveness of systematic population-level screening programmes for reducing the burden of cardiovascular diseases?* an dara heagrán, Tuarascáil Sintéise Líonra Fianaise Sláinte EDS Uimh. 78, Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip, Cóbanhávan, 2024, ISBN 978-92-890-6088-2, <https://www.who.int/europe/publications/i/item/978-92-890-6088-2>.

- (16) Tá cineálacha éagsúla cur chuige ann chun an spriocphobal a shainaithint a bhfuil cuireadh le tabhairt dóibh seiceálacha sláinte cardashoithíche a dhéanamh. Féadfar grúpaí daonra incháilithe a shainaithint trí úsáid a bhaint as foinsí ábhartha sonraí eipidéimeolaíocha agus cúraim sláinte, lena n-áirítear suirbhéanna ar scrúduithe sláinte, clárlanna galar agus, i gcás inarb iomchuí, taifid cúraim sláinte. Tugtar forléargas ar na cineálacha cur chuige sin sa Ghníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le galair chardashoithíocha agus an diaibéiteas (JACARDI)¹⁶.
- (17) Tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh seiceálacha sláinte cardashoithíche inghlactha ag an spriocphobal chun gur féidir iad a chur chun feidhme go sábháilte, ar phraghas réasúnta, go héifeachtúil agus go héifeachtach. Trí inghlacthacht níos airde do dhaoine aonair, lena n-áirítear trí spriocdhíriú iomchuí, cumarsáid shoiléir, agus tríd an ualach a mheastar a bheith ann a íoslaghdú, tacaítear le seiceáil sláinte cardashoithíoch a ghlacadh agus neartaítear a héifeachtacht fhoriomlán.
- (18) Ba cheart litearthacht sláinte agus feasacht i measc daoine aonair maidir leis an mbaol a bhaineann leo ó thaobh galair chardashoithíocha de a fheabhsú, go háirithe i measc grúpaí leochaileacha agus iad siúd atá i mbaol níos airde, le rannpháirtíocht an phobail agus cumarsáid atá iomchuí ó thaobh an chultúir de, toisc go gcuidíonn an litearthacht agus an fheasacht sin le rannpháirtíocht a áirithiú agus le glacadh seiceálacha sláinte cardashoithíche a fheabhsú.
- (19) Chun ualach na ngalar cardashoithíoch a laghdú go héifeachtach, ba cheart seiceálacha sláinte cardashoithíoch a nascadh le tástáil dhiagnóiseach iomchuí phearsantaithe agus le cúram leantach, trí chonair chúraim chomhtháite atá dírithe ar an othar.
- (20) Is féidir le rochtain ar ríomhshonraí sláinte atá ann cheana i gcomhthéacs seiceáil sláinte cardashoithíoch duine aonair cuidiú lena cáilíocht agus lena leanúnachas a fheabhsú. Bunaítear leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte¹⁷ (EHDS) creat chun rochtain shlán a fháil ar chatagóirí tosaíochta de ríomhshonraí sláinte agus chun iad a mhalartú, lena n-áirítear sonraí maidir le cógais, fadhbanna, gnáthaimh agus torthaí tástála leighis, a bhféadfadh faisnéis a bheith iontu atá ábhartha do mheasúnú riosca cardashoithíoch agus do chúram leantach.
- (21) Ba cheart difríochtaí riosca gnéas-sonracha agus inscne-shonracha a chur san áireamh i ndearadh agus i gcur chun feidhme seiceálacha sláinte cardashoithíche, ós rud é go dtagann galair chardashoithíocha ar fhir níos luaithe sa saol de ghnáth, ach go méadaíonn riosca na mban tar éis an mheanapáis agus go ndéanann teagmhais saoil eile, amhail toircheas, difear dó.
- (22) Chun éifeachtacht seiceálacha sláinte cardashoithíche a áirithiú agus chun neamhionannais sláinte a laghdú, ba cheart aird chuí a thabhairt ar riachtanais shonracha grúpaí leochaileacha sa daonra, amhail daoine scothaosta, grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch nó imeallaithe agus daoine a bhfuil sé deacair teacht orthu, ós rud é gur dóchúla go mbeidh bacainní rannpháirtíochta rompu agus go mbeidh rochtain níos ísle acu ar chosc agus ar chúram.

¹⁶ Leysen, W., Cardinale, A., Alexandra, C., Lampaert, A., Formenti, B., Armocida, B., et al., *Short Guide for Screening Individuals at Increased Risk of Developing Cardiovascular Diseases and Type 2 Diabetes*, Leagan 1.0.0, Zenodo, 2026, <https://doi.org/10.5281/zenodo.18415472>.

¹⁷ Rialachán (AE) 2025/327 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2025 maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE agus Rialachán (AE) 2024/2847, IO L 2025/327, 5.3.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/327/oj>.

- (23) Is féidir cúram príomhúil a úsáid chun seiceálacha sláinte cardashoithíche a dhéanamh agus chun cabhrú le daoine aonair a shainaithnítear mar dhaoine a bhfuil riosca níos airde ag baint leo a riosca a laghdú trí thosca riosca a chosc agus a bhainistiú ar bhealach pearsantaithe. Ina theannta sin, is féidir le seiceálacha sláinte cardashoithíche pobalbhunaithe faoi stiúir gairmithe cúraim sláinte, mar shampla i gcógaslanna nó trí shamhlacha seachadta móibíleacha a úsáid, cuidiú le riosca cardashoithíoch nár braitheadh roimhe seo a shainaithint i ndaonraí a bhféadfadh sé nach mbeadh rochtain acu ar sheirbhísí coisctheacha agus ar chúram leantach murach sin.
- (24) Le feachtais níos leithne, lena n-ionchorpraítear imeachtaí scagtha tiomnaithe, lena dtugtar seiceálacha sláinte cardashoithíche níos gaire do dhaoine, d'fhéadfaí feabhas a chur ar rátaí luathbhraite, go háirithe i gceantair iargúlta, thuaithe nó i gceantair nach ndéantar freastal ceart orthu.
- (25) Ba cheart vacsaíniú ábhartha a chuimsiú sa chosc pearsantaithe, mar shampla i gcás an fhliú, rud a d'fhéadfadh rannchuidiú le rioscaí agus aimhréidheanna cardashoithíocha a laghdú.
- (26) Le cur chun feidhme éifeachtach na seiceálacha sláinte cardashoithíche, ba cheart lucht saothair sláinte atá oilte go leordhóthanach agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu a áirithiú, ar cheart dóibh na seiceálacha sláinte a dhéanamh agus tacaíocht agus cúram pearsantaithe a chur ar fáil trí chur chuige ildisciplíneach atá dírithe ar an othar.
- (27) Ba cheart tacú le cur chun feidhme éifeachtach, faireachán agus meastóireacht ar sheiceálacha ar shláinte chardashoithíoch trí shocrúithe sonraí agus uirlisí digiteacha iomchuí agus comhréireacha, lena n-áirítear chun grúpaí daonra incháilithe a shainaithint, seiceálacha a rinneadh a thaifeadadh, agus a dtorthaí. I gcás ina bhfuil ríomhshonraí sláinte i gceist leis na socrúithe sin, soláthraítear le Rialachán (AE) 2025/327 maidir le EHDS creat ábhartha an Aontais maidir le húsáid shlán agus idir-inoibritheach na sonraí sin.
- (28) Le hinfhaighteacht agus úsáid sonraí ó fhoinsí ábhartha, lena n-áirítear clárlanna galar agus básmhaireachta, sonraí a ghintear trí sheiceálacha ar shláinte chardashoithíoch agus, i gcás inarb iomchuí, sonraí géanómaíocha agus sonraí maíochtaí ábhartha eile, is féidir rannchuidiú le seiceálacha sláinte cardashoithíche níos éifeachtaí. Is féidir le húsáid thánaisteach na sonraí sin tacú le taighde, nuálaíocht agus ceapadh beartas i gcúram cardashoithíoch, go háirithe trí fheabhas a chur ar an tuiscint ar thosca riosca agus ar ghrúpaí daonra ardriosca, trí bhonn eolais a chur faoi thosaíochtaí coisctheacha, agus trí thacú le straitéisí coisctheacha a dhearadh agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Éascaíonn EHDS úsáid thánaisteach den sórt sin trí chreat comhchoiteann de chuid an Aontais a bhunú chun ríomhshonraí sláinte a úsáid ar bhealach slán iontaofa chun críoch tánaisteach ar fud an Aontais.
- (29) Le cineálacha cur chuige measúnaithe riosca sonraíbhunaithe atá ag teacht chun cinn agus a fhaigheann tacaíocht ó AI, d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar shainaithint daoine aonair a bhfuil riosca níos airde ag baint leo, ar choinníoll go ndéantar cineálacha cur chuige den sórt sin a bhailíochtú agus a imscaradh go cliniúil agus go n-úsáidtear iad faoi fhormhaoirseacht dhaonna iomchuí i gcomhréir le creataí rialála an Aontais is infheidhme.
- (30) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar ghnéithe eiticiúla, dlíthiúla, sóisialta, leighis, eagrúcháin, socheacnamaíocha, comhionannas inscne, agus acmhainneacht agus

acmhainní cúraim sláinte sular féidir cinntí a dhéanamh maidir le seiceálacha sláinte cardashoithíche a dhearadh agus a chur chun feidhme.

- (31) Chun seiceálacha sláinte cardashoithíche a cheapadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach, ba cheart rialachas iomchuí a bheith i gceist, lena n-áirítear rannpháirtíocht ildisciplíneach, comhar i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, de réir mar is iomchuí, agus breithniú ar pheirspictíochtaí na n-othar, chun cáilíocht agus inghlacthacht a áirithiú.
- (32) Ba cheart a áirithiú le creat dearbhaithe cáilíochta go ndéanfar seiceálacha sláinte cardashoithíche a leathadh amach go héifeachtach agus go ndéanfar faireachán éifeachtach orthu.
- (33) Tá an Moladh seo gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát a gcórais sláinte agus a gcúram leighis a eagrú agus a mhaoiniú.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Cuspóir

- (1) Tá sé d'aidhm ag an Moladh seo tacú leis na Ballstáit na spriocanna oibiachtúla agus sonracha seo a leanas den Phlean 'Croí Slán' a bhaint amach, faoi 2035:
 - (a) mortlaíocht chardashoithíoch anabái a laghdú 25 %;
 - (b) go ndéanfaidh gairmí sláinte tomhas ar a mbrú fola uair sa bhliain ar 75 % ar a laghad de dhaoine idir 25 agus 64 bliana d'aois, agus ar a laghad 90 % de dhaoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine;
 - (c) go ndéanfaidh gairmí sláinte tomhas ar a gcolaistearól uair sa bhliain ar 65 % ar a laghad de dhaoine idir 25 agus 64 bliana d'aois, agus ar a laghad 80 % de dhaoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine;
 - (d) go ndéanfaidh gairmí sláinte tomhas ar a siúcra fola uair sa bhliain ar 65 % ar a laghad de dhaoine idir 25 agus 64 bliana d'aois, agus ar a laghad 80 % de dhaoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine.

AG MOLADH, LEIS SEO, DO NA BALLSTÁIT:

Seiceálacha sláinte cardashoithíche a dhearadh agus a chur chun feidhme

- (2) seiceálacha sláinte cardashoithíche inrochtana a dhearadh agus a chur chun feidhme, agus bunphrionsabail na sábháilteachta, na heitice, na rannpháirtíochta poiblí agus an chothromais á gcur san áireamh;
- (3) na seiceálacha sláinte cardashoithíche a bhunú ar an bhfianaise eolaíoch atá ar fáil agus atá ag teacht chun cinn, agus measúnú á dhéanamh agus cinntí á ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, de réir ualach an ghalair agus na n-acmhainní cúraim sláinte atá ar fáil, lena n-áirítear maidir leis an lucht saothair cúraim sláinte, laistigh de thosaíochtaí náisiúnta nó réigiúnacha;
- (4) struchtúr rialachais a ainmniú don chinnteoireacht maidir le dearadh agus cur chun feidhme seiceálacha sláinte cardashoithíche, lena n-áirítear measúnú agus oiriúnú a dhéanamh ar na seiceálacha sláinte bunaithe ar thorthaí, cur chuige ildisciplíneach a áirithiú agus páirtithe leasmhara ábhartha amhail ionadaithe othar a chuimsiú;
- (5) breithnithe inscne-shonracha agus inscne-shonracha a chomhtháthú i ndearadh agus i gcur chun feidhme seiceálacha sláinte cardashoithíche;

- (6) riachtanais grúpaí leochaileacha a aithint i ndearadh agus i gcur chun feidhme seiceálacha sláinte cardashoithíche, amhail imircigh, grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, iad siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, agus iad siúd atá faoi mhíchumas nó a bhfuil chomhghalrachaí orthu;
- (7) rochtain chothrom ar sheiceálacha ar shláinte chardashoithíoch a áirithiú trí fheachtais níos leithne a thacaíonn leis na seiceálacha sin i suíomhanna inrochtana príomhúla agus pobail, amhail cógaslanna, ionaid phobail áitiúla, agus breithniú a dhéanamh ar shamhlacha seachadta móibíleacha, amhail in ionaid mhargaidh agus in ionaid siopadóireachta, chun iad a chur ar fáil go díreach do dhaoine agus chun feabhas a chur ar rátaí luathbhraite, go háirithe i gceantair thuaithe nó i gceantair nach ndéantar freastal ceart orthu;
- (8) inghlacthacht seiceálacha sláinte cardashoithíoch don spriocphobal a áirithiú, lena n-áirítear trí chumarsáid atá soiléir agus oiriúnach ó thaobh cultúir de, litearthacht sláinte agus gníomhaíochtaí múscaillte feasachta, samhlacha seachadta a chur in oiriúint dá riachtanais agus cineálacha cur chuige atá íogair ó thaobh gnéis agus inscne de;
- (9) réitigh theicneolaíocha nuálacha a úsáid, lena n-áirítear uirlisí sonraíbhunaithe agus IS-bhunaithe, chun tacú le measúnú riosca agus seiceálacha sláinte cardashoithíche, ar choinníoll go bhfuil na huirlisí sin fianaisebhunaithe, bailíochtaithe go cliniciúil agus go n-úsáidtear iad faoi fhormhaoirseacht dhaonna iomchuí agus go gcuirtear chun feidhme iad i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme;
- (10) infhaighteacht agus inrochtaineacht conairí atreoraithe a áirithiú le haghaidh measúnú leantach agus cúram do dhaoine aonair a bhfuil riosca níos airde ag baint leo trí chonair chúraim chomhtháite atá dírithe ar an othar;
- (11) breithniú a dhéanamh ar chur chuige coisctheach pearsantaithe maidir le daoine aonair atá i mbaol níos airde a bhainistiú trí idirghabhálacha fianaisebhunaithe maidir le stíl mhaireachtála, cóireáil agus seiceálacha sláinte leantacha rialta chun idirghabhálacha a choigeartú trí chur chuige atá dírithe ar an othar;
- (12) machnamh a dhéanamh ar mholtaí iomchuí maidir leis an vacsaíniú laistigh den chur chuige coisctheach pearsantaithe;
- (13) comhpháirteanna na seiceálacha sláinte cardashoithíche dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a mheas;

Sonraí ó sheiceálacha ar shláinte chardashoithíoch a chlárú agus a bhainistiú

- (14) socruithe iomchuí agus uirlisí digiteacha a úsáid, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2025/327 maidir le EHDS i gcás inarb ábhartha, chun tacú le cur chun feidhme agus taifeadadh seiceálacha sláinte cardashoithíche a dhéantar agus na torthaí, lena n-áirítear grúpaí daonra incháilithe a shainaithint.
- (15) bearta iomchuí agus comhréireacha a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear daoine atá incháilithe do sheiceálacha ar shláinte chardashoithíoch ar an eolas faoi na seiceálacha sláinte agus go n-iarrfar orthu páirt a ghlacadh iontu;
- (16) faisnéis inrochtana agus éasca le léamh faoi sheiceálacha sláinte a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas;

- (17) sonraí ábhartha a bhaineann le tástálacha, measúnuithe agus diagnóisí a bhailiú, a bhainistiú agus a mheas, i gcás inarb infheidhme, i gcomhthéacs seiceálacha sláinte cardashoithíche;
- (18) a chur san áireamh, i gcás inarb infheidhme agus i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2025/327 maidir le EHDS, acmhainneacht na ríomhshonraí sláinte ábhartha a ghintear trí sheiceálacha cardashoithíocha sláinte chun tacú le críocha taighde, nuálaíochta agus ceaptha beartas, lena n-áirítear straitéisí coisctheacha agus luathbhraite a fhorbairt agus meastóireacht a dhéanamh orthu;

Monatóireacht agus meastóireacht

- (19) faireachán rialta a dhéanamh ar phróiseas agus ar thoradh na seiceálacha sláinte cardashoithíche;
- (20) meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht, costéifeachtúlacht, úsáid acmhainní, rannpháirtíocht an daonra agus torthaí rannpháirtithe seiceálacha sláinte cardashoithíche;

Oiliúint agus fothú acmhainneachta

- (21) úsáid a bhaint as cláir oiliúna atá ann cheana agus infheistíocht a dhéanamh i gcláir bhreise oiliúna do ghairmithe cúraim sláinte chun feabhas a chur ar scileanna maidir le seiceálacha sláinte cardashoithíche a dhéanamh agus chun othair a mhealladh go héifeachtach;

Rannpháirtíocht

- (22) ardleibhéal rannpháirtíochta i seiceálacha sláinte cardashoithíche agus i gcúram leantach a áirithiú, bunaithe ar thoiliú lánfheasach, nuair a thairgtear seiceálacha sláinte cardashoithíche;
- (23) breithniú a dhéanamh ar dhreasachtaí chun rannpháirtíocht an spriocphobail sna seiceálacha sláinte cardashoithíche a áirithiú, lena n-áirítear deiseanna chun páirt a ghlacadh i gclár coiscthe pearsantaithe;

Feasacht: rannpháirtíocht agus comhar pobail

- (24) comhoibriú agus rannpháirtíocht a spreagadh i measc páirtithe leasmhara, amhail institiúidí taighde, eagraíochtaí othar, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí sláinte poiblí agus gairmithe agus comhlachtaí cliniciúla, ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun acmhainní a uasmhéadú agus comhar trasteorann idir páirtithe leasmhara ábhartha a chothú;
- (25) feabhas a chur ar fheasacht an phobail agus ar rannpháirtíocht na saoránach i seiceálacha sláinte cardashoithíche, lena n-áirítear trí fheachtais feasachta agus trí litearthacht sláinte ar feadh an tsaoil fheabhsaithe;

Tuarascáil ar chur chun feidhme agus obair leantach

- (26) tuarascáil ar chur chun feidhme an Mholta seo a thabhairt don Choimisiún laistigh de 3 bliana dá ghlacadh agus, ina dhiaidh sin, gach 4 bliana chun cuidiú le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na hoibre leantaí san Aontas maidir leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán